Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH 2012

# SCÉIM MHARCÁLA

# GAEILGE CHUMARSÁIDEACH

# COMÓNTA

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2012

# Gaeilge Chumarsáideach

(180 marc)

Déardaoin, 7 Meitheamh – Maidin, 9.30 – 10.30

**Don Fheitheoir**

| **Stampa an Ionaid** |
|---|
| |

**Don Scrúdaitheoir**

| Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. → | |
|---|---|
| **Nóta:** Caithfidh an marc thuas a bheith mar an gcéanna leis an marc **IOMLÁN** sa ghreille thíos. | |

## *Treoracha Ginearálta*

1. Scríobh do **scrúduimhir** sa spás seo: →

2. Scríobh na freagraí sa fhreagarleabhar seo.

Tá ceithre roinn sa pháipéar seo.
Caithfear gach ceist a fhreagairt.

**Roinn 1 Cluastuiscint (75 mharc)**
**Roinn 2 Léamhthuiscint (30 marc)**
**Roinn 3 Scríobh na Teanga (30 marc)**
**Roinn 4 Taighde (45 mharc)**

**Don Scrúdaitheoir**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | 30 |
| 2 | 13 |
| 3 | 32 |
| 4 | 15 |
| 5 | 15 |
| 6 | 15 |
| 7 | 15 |
| Taighde | 45 |
| IOMLÁN | 180 |



**THALL →**


# Roinn 1 – **Cluastuiscint** [75 mharc]

Éist go cúramach leis an taifeadadh. Cloisfidh tú an chaint **faoi dhó**.


## **CEIST 1** (30 marc)

Éist leis an taifeadadh agus cuir **A, B, C** *nó* **D** sa bhosca cuí.

### Píosa a hAon




A




B




C





D

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? | B |

### Píosa a Dó




A



B




C




D

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? | B |


### Píosa a Trí




A



B




C




D

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? | C |

| **Don scrúdaitheoir**<br>Iomlán reatha → | 30 |
|---|---|

# **CEIST 2** (13 mharc)

Éist leis an taifeadadh agus líon an fhoirm seo **i nGaeilge**.

## CLUB ÓIGE COIS LIFE

## FOIRM IARRATAIS

**SLOINNE:**

| | |
|---|---|
| Ó CEALLAIGH | X |
| Ó DÚILL | |
| Ó BRIAIN | |

**AINM:** Liam Ó Ceallaigh

**AOIS:**

| | |
|---|---|
| 16 | |
| 17 | X |
| 18 | |

**SEOLADH:** 5, BOTHAR NA TRÁ,
GAILLIMH

**UIMHIR THEILEAFÓIN:**

| | |
|---|---|
| 087 286342 | |
| 086 286356 | X |
| 086 285653 | |



**DO ROGHA DHÁ SPÓRT:**

| | |
|---|---|
| Iománaíocht | |
| Peil | |
| Snámh | X |
| Leadóg | X |
| Galf | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | 30 + 13 | = | 43 |

# CEIST 3 (32 mharc)

Éist leis na comhráite seo agus freagair na ceisteanna **i nGaeilge** *nó* **i mBéarla.**



## Comhrá a hAon

**1.** Cá ndeachaigh Bríd Dé Sathairn?

| | |
|---|---|
| Ag Snámh | |
| Ag Siopadóireacht | X |
| Ag Rothaíocht | |

(2 mharc)

**2.** Cén aois é Pádraig?

**Dhá bhliain déag d'aois** (2 mharc)

**3.** Cá ndeachaigh an chlann an oíche sin?

**Go bialann deas** (2 mharc)

**4.** Cad a d'ith Bríd?

**Sicín** agus **Sceallóga** (2 mharc)



## Comhrá a Dó

**1.** Cá ndeachaigh Seán i rith na laethanta saoire?

**Go ceolchoirm**

(2 mharc)

**2.** Cá raibh sé ar siúl?

| | |
|---|---|
| Sa halla | |
| San óstán | |
| Sa chlub oíche | X |

(2 mharc)

**3.** Cé mhéad a chosain na ticéid?

**Caoga euro** (2 mharc)

**4.** Ar thaitin an cheolchoirm le Seán?

**Thaitin** (2 mharc)

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | 43 + 32 | = | 75 |
|---|---|---|---|

## Comhrá a Trí



**1.** Cad is ainm don choláiste?

| | |
|---|---|
| Coláiste Mhuire | |
| Coláiste Phádraig | |
| Coláiste Bhríde | X |

(2 mharc)

**2.** Conas a bhí an aimsir?

**Go hálainn** (2 mharc)

**3.** Cé mhéad cailín a bhí sa teach?

**Seisear** (2 mharc)

**4.** What facilities were in the college?

(a) **halla spóirt___sports hall**

(b) **páirc pheile_Football pitch/field**

(c) **seomra cluiche/games room** (2 mharc)



## Comhrá a Ceathair

**1.** Cá bhfuil Pádraig le seachtain?

**Sa leaba**

**2.** Cad a bhí ar siúl aige nuair a tharla an timpiste?

**Ag rothaíocht** (2 mharc)

**3.** Cad a bhris Pádraig sa timpiste?

**A lámh** (2 mharc)

**4.** Cad a bhíonn ar siúl ag Pádraig gach lá?

**Ag féachaint ar an teilfís** (2 mharc)

**THALL →**

# Roinn 2 – **Léamhthuiscint** [30 marc]

## **CEIST 4** (15 mharc)

Léigh an píosa seo agus freagair na ceisteanna **i nGaeilge** *nó* **i mBéarla**.

## KATIE TAYLOR

Rugadh Katie Taylor i mBré Co Chill Mhantáin. Nuair a bhí sí óg d'imir sí a lán spórt - sacar, peil ghaelach, camógaíocht agus cispheil.

D'imir sí sacar le foireann na hÉireann idir 2004 agus 2009. Bhí sí an-mhaith ag imirt sacair agus fuair sí seans dul go clubanna sacair i Sasana.

Tá clú agus cáil ar Katie mar is dornálaí iontach í. Bhuaigh sí craobh chomórtas na hEorpa don chéad uair in 2005. Bhuaigh sí craobh na hEorpa sé huaire ar fad. Bhuaigh sí craobh an Domhain trí huaire in 2006, 2008 agus 2010.

Is í Katie Taylor an réalta mór i ndornálaíocht na mban in Éirinn anois. Bhuail sí le hUachtarán Mheiriceá Barak Obama nuair a tháinig sé go hÉirinn in 2011. Anois tá Katie ag tréanáil do na Cluichí Oilimpeacha a bheidh ar siúl i Londain in 2012.



**Katie Taylor**

**Ceisteanna**

1. Cár rugadh Katie Taylor?

   **i mBré Co Chill Mhantáin** (3 mharc)

2. Ainmnigh **dhá** spórt a d'imir sí nuair a bhí sí óg.

   **sacar, peil ghaelach, camógaíocht agus cispheil** (4 mharc)

3. Cé mhéad uair a bhuaigh sí Craobh na hEorpa?

   **Sé** (4 mharc)

4. Cad a bheidh ar siúl i Londain in 2012?

   **Na Cluichí Oilimpeacha** (4 mharc)

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | 75 + 15 | = | 90 |
|---|---|---|---|

# **CEIST 5** (15 mharc)

Léigh an litir seo agus freagair na ceisteanna i **nGaeilge** nó i **mBéarla.**

10, Sráid na Siopaí,
Loch Garman,
21 Bealtaine 2012

An Bainisteoir,
Ollmhargadh Lidl,
Sráid Thomáis,
Loch Garman.

A chara,

Tá mé ocht mbliana déag d'aois. Déanfaidh mé an Ardteistiméireacht Fheidhmeach i mbliana. Ba mhaith liom cur isteach ar phost samhraidh i d'ollmhargadh. Chonaic mé an fógra sa pháipéar.

Seol chugam, le do thoil, foirm iarratais don phost.

Is mise le meas,
Seán Ó Riain.

**Ceisteanna**

**1.** Cathain a scríobh Seán an litir?

21 Bealtaine 2012 (4 mharc)

**2.** Cén seoladh atá ag Ollmhargadh Lidl?

Sráid Thomáis, Loch Garman. (4 mharc)

**3.** Cén aois é Seán?

ocht mbliana déag d'aois. (4 mharc)

**4.** Cá bhfaca Seán an fógra?

sa pháipéar. (3 mharc)

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | 90 + 15 | = | 105 |
|---|---|---|---|

**THALL →**

# Roinn 3 – **Scríobh na Teanga** [30 marc]

Le freagairt **i nGaeilge amháin.**
This section **must** be answered **in Irish**.



## **CEIST 6** (15 mharc)



Bhí tú ag cluiche peile *nó* ag scannán.
Scríobh cuntas i **nGaeilge** faoin gcluiche peile *nó* faoin scannán.
Write in **Irish** about a football match *or* a film that you attended.
Scríobh rud éigin faoi na pointí seo i do chuntas:

- An lá agus an t-am
- An áit
- Rud éigin a tharla
- Na ticéid.

**Ábhar = 4 phointe = 2 mharc x 4 =8 marc**
**Gaeilge = 7 marc.**

**Ábhar = 8**
**Gaeilge= 7**
**Iomlán =15**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | 105 + 15 | = | 120 |

## **CEIST 7** (15 mharc)

Tá tú ar saoire sa Fhrainc.

Scríobh cárta poist i **nGaeilge** chuig cara leat ag insint dó/di faoin tsaoire.

Scríobh rud éigin faoi:



- An áit
- An aimsir
- An bia
- Cé atá in éineacht leat
- Conas a chaitheann sibh an lá.

**Ábhar = 6 mharc**

Ainm agus Sloinne = 1

Seoladh = 1

3 phointe eolais = 6 (2 mharc x 3 = 6 mharc)

**Gaeilge = 7 marc**

Foirmlí

Ainm agus Sloinne i nGaeilge = **1 mharc**

Dhá line sa seoladh = **1 mharc**

**Foirmle = 2**
**Ábhar = 6**
**Gaeilge = 7**
**Iomlán = 15**



| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | 120 + 15 | = | 135 |
|---|---|---|---|

**THALL →**

# Roinn 4 – **Taighde** [45 mharc]

**This section may be answered in Irish *or* in English.**

1. Name a topic you researched as part of **Gaeilge Chumarsáideach**.

0 - 3 - 6

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(6 mharc)

2. Where did you get your information?

**(a)** 3 - 2 - 0

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(b)** ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(c)** ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(9 marc)





3. What did you learn **about the topic you researched?**

**(a)** 8 - 4 - 0

**8 marc**

**(b)**

**8 marc**


**(c)** 7 - 4 - 0

**7 marc**

**(d)** 7 - 4 - 0

**7 marc**

(30 marc)



| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | 135 + 45 | = | 180 |
| --- | --- | --- | --- |

## CEIST 1.

**Píosa a hAon.**

Beidh cluiche cispheile ar siúl i halla na scoile ar a ceathair a chlog. Beidh Scoil Naomh Peadair agus Scoil Naomh Pádraig ag imirt.

**Píosa a Dó.**

Seo í réamhfháisnéis na haimsire. Beidh an lá amárach fliuch. Beidh sé ag cur báistí an lá ar fad.

**Píosa a Trí.**

Chuaigh Seán agus Bríd go dtí an phictiúrlann inné. Chonaic siad an scannán. Thaitin sé go mór leo.

## CEIST 2.

Liam Ó Ceallaigh is ainm dom. Tá mé seacht mbliana déag daois. Tá mé i mo chónaí in uimhir a cúig, Bóthar na Trá, Gaillimh.

Is í an uimhir theileafóin atá agam ná 086-286356. Is maith liom snámh agus leadóg.

## CEIST 3.

## COMHRÁ 1.

Máire: Cad a rinne tú Dé Sathairn, a Bhríd?

Bríd: Chuaigh mé ag síopadóireacht, a Mháire.

Máire: Cad a cheannaigh tú, a Bhríd?

Bríd: Cheannaigh mé brontannas do mo dheartháir Pádraig, mar bhí a bhreithlá ann.

Máire: Cén aois a bhí sé?

Bríd: Bhí sé dhá bhliain déag daois.

Máire: Cad a rinne sibh an oíche sin?

Bríd: Chuaigh an chlann go léir go bialann deas.

Máire: Cad a d'ith tú sa bhialann, a Bhríd?

Bríd: D'ith mé sicín agus sceallóga.

## COMHRÁ 2.

Peadar: An ndearna tú aon rud spéisiúil i rith na laethanta saoire, a Sheáin?

Seán: Chuaigh mé go ceolchoirm, a Pheadair.

Peadar: Cá raibh an cheolchoirm ar siúl, a Sheáin?

Seán: Bhí an cheolchoirm ar siúl sa Chlub oíche.

Peadar: Cé mhéad a chosain an ticéad?

Seán: Chosain an ticéad caoga Euro.

Peadar: An raibh a lán daoine ag an gceolchoirm?

Seán: Bhí an halla lán go doras.

Peadar: Ar thaitin sé leat?

Seán: Thaitin sé go mór liom.

**COMHRÁ 3.**

Áine: An raibh tú sa Ghaeltacht an samhradh seo, a Lisa?

Lisa: Bhí. Chuaigh mé go Conamara a Áine.

Áine: Cén choláiste a raibh tú ann a Lisa?

Lisa: Bhí mé i gColáiste Bhríde a Áine.

Áine: Conas a bhí an aimsir sa Ghaeltacht?

Lisa: Bhí an aimsir go hálainn

Áine: Cé mhéad cailín a bhí ag fanacht sa teach?

Lisa: Bhí seisear cailíní ag fanacht sa teach.

Áine: Cad iad na háiseanna a bhí sa choláiste?

Lisa: Bhí halla spóirt, páirc pheile, agus seomra cluiche sa choláiste.

**COMHRÁ 4.**

AR AN TEILEAFÓN

Pádraig: Haigh. Pádraig anseo. Cé atá ag caint?

Liam: Liam. Ní fhaca mé tú le tamall. An bhfuil tú ceart go leor a Phádraig?

Pádraig: Níl. Tá mé sa leaba le seachtain. Bhí timpiste agam Dé Domhnaigh seo caite.

Liam: Cad a tharla duit?

Pádraig: Bhí mé ag rothaíocht abhaile ón siopa agus thit mé den rothar.

Liam: An bhfuil tú gortaithe go dona, a Phádraig?

Pádraig: Bhris mé mo lámh agus níl mé ábalta scríobh.

Liam: Pádraig bocht. Is dócha go mbíonn tú ag staidéar gach lá.

Padraig: Ní bhíonn mé ag staidéar. Tá saol iontach agam, Bíonn me ag féachaint ar an teilifís gach lá.

**Oiriúntais Réasúnta**

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltéiní in aice lena gcuid scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

1) Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

2) Iarrthóirí a d'úsáid: scríobhaí, téipthaifeadán, próiseálaí focal nó ríomhaire.

Cuirtear scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le litriú agus cruinneas gramadaí sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. m.s. Roinn III Ceapadóireacht: C.6, agus C.7. Ní chuirtear aon phionós ar 'drochlitriú' ná 'ar easpa cruinneas gramadaí' i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhtuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil oiriúntais réasúnta faofa dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a mharcáil sa ghnáthshlí d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 6 agus 7 agus tugtar luacháil chéimithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.
Luacháil chéimithe don iarrthóir a bhfuil Oiriúntas Réasúnta faofa dó:

Ceist 6

Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 1>2 – cruinneas + 0 mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 3>5 – cruinneas + 1 mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 6>7 – cruinneas = 7 marc.

Ceist 7

Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 1>2 – cruinneas + 0 mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 3>5 – cruinneas + 1 mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 6>7 – cruinneas = 7 marc.

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an bfreagarleabhar, taobh istigh agus ar an gclúdach, taobh amuigh.
m.s. G (OR) = 1